C/2023/1064

15.12.2023

P9_TA(2023)0136

Straitéis um chaighdeánú don Mhargadh Aonair

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Bealtaine 2023 ar an straitéis um chaighdeánú don mhargadh aonair (2022/2058(INI))

(C/2023/1064)

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear caighdeánú Eorpach ([1]),

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 2 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó 2016 go 2020 (COM(2022)0030),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 dar teideal 'An EU Strategy on Standardisation: Setting global standards in support of a resilient, green and digital EU single market' [Straitéis an Aontais um chaighdeánú: Caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair AE atá athléimneach, glas agus digiteach] (COM(2022)0031),

— ag féachaint do thogra an 2 Feabhra 2022 le haghaidh Rialachán Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a mhéid a bhaineann le cinntí ó eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a bhaineann le caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin (COM(2022)0032),

— ag féachaint d'fhógra ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 dar teideal 'The 2022 annual Union work programme for European standardisation' [Clár oibre bliantúil 2022 an Aontais maidir le caighdeánú Eorpach] (C(2022)0546),

— ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 22 Feabhra 2022 dar teideal 'EU strategic dependencies and capacities: second stage of in-depth reviews' [Spleáchais straitéiseacha agus acmhainneachtaí straitéiseacha an Aontais: an dara céim de na grinn-athbhreithnithe] (SWD(2022)0041),

— ag féachaint do Chinneadh ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 lena mbunaítear an grúpa saineolaithe 'High-Level Forum on European Standardisation' [Fóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach] (C(2022)6189),

— ag féachaint don Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Caighdeánú faoin Straitéis maidir leis an Margadh Aonair, dá dtagraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2015 dar teideal 'Upgrading the Single Market: more opportunities for people and business' [An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí] (COM(2015)0550) agus d'achoimre ar ghníomhaíochtaí ón Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Caighdeánú an 15 Iúil 2019,

— ag féachaint dá rún an 4 Iúil 2017 maidir le Caighdeáin Eorpacha don 21ú aois ([2]).

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'Standardisation strategy / Standardisation regulation' [Straitéis um chaighdeánú / Rialachán maidir le Caighdeánú],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Shaping Europe's digital future' [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] (COM(2020)0067),

— ag féachaint do pháipéar bán ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'On Artificial Intelligence – A European approach to excellence and trust' [An Intleacht Shaorga – Cur chuige Eorpach atá dírithe ar bharr feabhais agus ar mhuinín] (COM(2020)0065),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'A European Strategy for Data' [Straitéis Eorpach maidir le sonraí] (COM(2020)0066),

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.
([2]) IO C 334, 19.9.2018, lch. 2.

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'The European Green Deal' [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)0640),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 dar teideal 'Fit for 55: delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality' [Oiriúnach do 55: Sprioc Aeráide 2030 AE i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach] (COM(2021)0550),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0136/2023),

A. de bhrí go n-éascaítear feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh go mór trí chaighdeáin a bheith á nglacadh agus á n-úsáid ag an margadh; de bhrí, le glacadh caighdeán Eorpach agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach, go n-éascaítear rochtain ar an margadh, go bhfeabhsaítear iomaíochas cuideachtaí Eorpacha agus sábháilteacht na saoránach, go rannchuidíonn sé leis an margadh aonair a neartú agus go simplítear comhlíonadh do rannpháirtithe sa mhargadh agus d'údaráis náisiúnta, agus go gcuirtear caighdeán Eorpach amháin in ionad 34 chaighdeán náisiúnta; de bhrí, le caighdeáin chomhchuibhithe, go gcuirtear ar fáil do mhonaróirí, do sholáthraithe seirbhíse agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile toimhde comhréireachta a dtáirgí agus a seirbhísí leis na ceanglais riachtanacha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais, i measc tairbhí eile;

B. de bhrí go bhfuil an córas Eorpach um chaighdeánú bunaithe ar chur chuige cuimsitheach, bunaithe ar chomhthoil, margadh-bhunaithe, lenar cheart go mbeadh na geallsealbhóirí uile rannpháirteach ar bhealach a áiritheoidh go bhforbrófar na caighdeáin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na hearnála tionsclaíochta agus ag an am céanna go rannchuideoidh sé le leasanna na sochaí i gcoitinne a chomhlíonadh, lena n-áirítear leasanna tomhaltóirí agus na sochaí sibhialta i gcoitinne, chomh maith le ceanglais inbhuanaitheachta; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun caighdeáin a dhéanamh freagrúil ó thaobh inscne de, lena léirítear difríochtaí fisiciúla agus lena dtugtar aghaidh go cothrom ar riachtanais na mban agus na bhfear; de bhrí go bhfuil athbhreithniú páirteach glactha cheana féin ag an bParlaimint agus ag an gComhairle ar an gcreat reachtach um chaighdeánú atá ann cheana chun feabhas a chur ar phróisis chinnteoireachta na nEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú (ESOnna) chun an dá rud sin a choinneáil dírithe ar riachtanais tionscail agus ar leasanna na sochaí i gcoitinne;

C. de bhrí go ráthaítear rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 sa phróiseas umcaighdeánaithe leis an Rialachán sin, ach go bhfuil sí teoranta mar gheall ar bhacainní leanúnacha iontrála amhail easpa saineolais agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha do na heagraíochtaí sin;

D. de bhrí go bhfuil caighdeáin, ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, ina spreagadh tábhachtach d'fhorbairt an mhargaidh, don athrú teicneolaíoch agus don nuálaíocht, don iomaíochas agus do chothrom na féinne i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, chomh maith le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí; de bhrí go gcomhoibríonn na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú (ESOnna) le comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú agus go bhfuil comhaontuithe i bhfeidhm acu chun úsáid caighdeán idirnáisiúnta san Aontas a éascú; de bhrí, cé go bhfuil tionscal na hEorpa ina rannpháirtí gníomhach i sruthanna oibre um chaighdeánú idirnáisiúnta, gur gá ionadaíocht éifeachtach cuideachtaí beaga agus geallsealbhóirí sochaíocha i bhfóraim idirnáisiúnta a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh;

E. de bhrí, lasmuigh den chomhar foirmiúil le comhlachtaí idirnáisiúnta, go bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit ag leanúint de chineálacha cur chuige comhroinnte a fhorbairt le tríú tíortha atá ar aon intinn leo nó le comhpháirtithe comhaontuithe trádála i réimse an chaighdeánaithe;

Barúlacha ginearálta

1. á chur in iúl gur geal léi glacadh na straitéise um chaighdeánú, ina leagtar amach cúig phríomhréimse gníomhaíochta don Choimisiún; á mheas go bhfuil aicmiú na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta i gcomhréir, tríd is tríd, le laigí agus láidreachtaí an chórais reatha a sainaithníodh le linn an chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí; á chur i bhfáth go bhféadfaí liosta na réimsí gníomhaíochta a leathnú tuilleadh agus gur gá fócas na straitéise ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme caighdeán a mhéadú, go háirithe i measc FBManna; á thabhairt dá haire freisin gur glacadh clár oibre bliantúil 2022 maidir le caighdeánú agus agus go bhfuil dul chun cinn déanta ina thaobh, agus tá sí ag tnúth le cláir oibre bhliantúla 2023 agus 2024;

2. á mheas go leanann cáilíochtaí bunúsacha an chórais um chaighdeánú de bheith ábhartha agus éifeachtach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus d'iomaíochas thionscal na hEorpa; á chur i bhfios go láidir go laghdaíonn caighdeáin chomhchuibhithe bacainní margaidh, agus á mheabhrú gur uirlis dheonach, margadh-thiomáinte atá ceangailteach ó thaobh dlí de iad caighdeáin lena gcuirtear ceanglais theicniúla agus treoir ar fáil, ar uirlis í lena n-éascaítear comhlíonadh na reachtaíochta Eorpaí ag earraí agus seirbhísí agus lena n-áirithítear iomaíocht chóir sa mhargadh; ag tacú le caighdeáin Eorpacha a fhorbairt ar bhealach cuntasach, trédhearcach agus cuimsitheach, lena n-áirithítear go gcuirfear riachtanais agus sainiúlachtaí na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear FBManna agus gníomhaithe sochaíocha eile, san áireamh;

3. á chur i bhfáth go bhfuil caighdeáin á saothrú i réimsí éagsúla, ach cé go bhféadfadh éifeacht dhlíthiúil a bheith acu, nach féidir breathnú ar chaighdeáin mar dhlí AE, ós rud é gurb é an reachtóir a chinneann reachtaíocht agus beartais maidir le leibhéal na cosanta tomhaltóirí, sláinte, sábháilteachta, comhshaoil agus sonraí; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, cineál deonach na gcaighdeán agus á mheas nach féidir ach le reachtaíocht an Aontais ceanglais éigeantacha agus sonraíochtaí comhchoiteanna a leagan amach, mar shampla trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé próiseas cuimsitheach a choinneáil;

4. á mheabhrú gur cheart do na EECanna cuspóirí beartais AE a chur san áireamh i gcónaí agus caighdeáin á ndréachtú acu;

5. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh caighdeáin Eorpacha agus táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach oscailte, cuimsitheach, trédhearcach, ar ardcháilíocht agus, i gcás inarb infheidhme, gur cheart dóibh táirgí marthanacha a chur chun cinn atá níos éasca a dheisiú, a athúsáid agus a athchúrsáil agus ar cheart dóibh na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais a urramú freisin;

6. ag spreagadh iarrachtaí a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic le caighdeáin atá ag teacht salach ar a chéile idir na Ballstáit, ar féidir leo bacainní gan údar a chruthú ar dhul isteach sa mhargadh aonair; á iarraidh ar na EECanna dlús a chur lena n-iarrachtaí caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt, chun ilroinnt an mhargaidh a laghdú agus, dá bhrí sin, costais riaracháin a laghdú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, go háirithe FBManna agus micrifhiontair, lena n-áirítear trí ionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar na heintitis sin;

7. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá caighdeánú sna réimsí ina bhfuil an acmhainneacht is airde ag an neamhchaighdeánú tomhaltóirí, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, a chur faoi mhíbhuntáiste; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go bhfuil ról ag na caighdeáin maidir le creataí cobhsaí agus intuartha a shocrú, go háirithe maidir le táirgí a thairgtear do thomhaltóirí;

8. á iarraidh go mbeadh ionadaíocht níos fearr ann laistigh den chóras caighdeánaithe agus go mbeadh ionadaíocht chothrom ann i measc saineolaithe ainmnithe, chun torthaí cothroma a ráthú i ndáil le reachtaíocht agus caighdeáin inrochtaineachta an Aontais;

9. ag tacú le deais chaighdeánaithe bhliantúil a chruthú a fhoilseofar in éineacht le clár oibre bliantúil AE agus leis an bplean rollach maidir le caighdeánú TFC, lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí caighdeánaithe atá pleanáilte, reatha agus críochnaithe, agus é mar aidhm leis sin níos mó trédhearcachta a thabhairt isteach sa chóras Eorpach um chaighdeánú; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go bhfágfadh an deais go mbeadh sé éasca do na geallsealbhóirí uile na gníomhaíochtaí a bhaineann lena réimsí spéise a fhionnadh, a leanúint agus, i gcás inarb ábhartha, rannchuidiú leo;

An córas Eorpach um chaighdeánú a ghiaráil

10. ag tacú le seoladh an Fhóraim Ardleibhéil maidir leis an gCaighdeánú Eorpach agus leis an mian raon na nglórtha a chloistear a leathnú agus tosaíochtaí agus riachtanais maidir le caighdeánú á sainaithint, gníomhaíochtaí a bheidh ann amach anseo á bpleanáil agus cineálacha cur chuige i gcomhlachtaí um chaighdeánú á gcomhordú; á chur i bhfios go láidir gur cheart go n-áireofaí sa ghrúpa saineolaithe sin raon éagsúil geallsealbhóirí, lena n-áirítear FBManna agus eagraíochtaí tomhaltóirí, agus trédhearcacht ina ghníomhaíochtaí a áirithiú, gan dearmad a dhéanamh ar chineál gníomhaíochtaí um caighdeánú ón mbun aníos, atá faoi thionchar an mhargaidh; á mheas go bhféadfaidh an Fóram Ardleibhéil ionchur a chur ar fáil ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil araon, go háirithe i gcomhar le mol barr feabhais AE maidir le caighdeáin i gcúrsaí teicniúla;

11. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh mol barr feabhais AE maidir le caighdeáin agus gur ceapadh príomhoifigeach um chaighdeánú (CSO) sa Choimisiún; á chreidiúint gur cheart go mbeadh níos mó comhsheasmhachta ar fud an Choimisiúin mar thoradh ar an seasamh sin agus ar an mol, mar acmhainn, ó thaobh iarrataí ar chaighdeánú agus glacadh tráthúil caighdeán agus forálacha reachtacha atá ábhartha maidir le caighdeánú, chomh maith le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata reachtaigh nua, chun leasa riarachán poiblí, gnólachtaí agus geallsealbhóirí eile; á mheas gur cheart go mbeadh an duine a bhfuil an fheidhm mhaoirseachta sin aige ina idirghabhálaí tábhachtach don Pharlaimint, á chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí caighdeánaithe an Choimisiúin agus lena gcumasaítear grinnscrúdú éifeachtach ar an leibhéal teicniúil;

12. á mheas go bhféadfaidh an Coimisiún, agus leas á bhaint aige as an bhFóram Ardleibhéil agus as mol barr feabhais an Aontais, modhanna níos éifeachtúla a fhorbairt chun meastóireacht theicniúil a dhéanamh ar chaighdeáin; á chreidiúint go bhfuil gá le soiléireacht i measc páirtithe atá rannpháirteach sa phróiseas caighdeánaithe maidir lena bhfuil riachtanach agus le nósanna imeachta éifeachtacha chun oibreacha feabhais a cheadú le linn fhorbairt na gcaighdeán chun moilleanna a sheachaint a luaithe a bheidh a gcuid oibre curtha i gcrích ag na saineolaithe;

13. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dlús a chur le gníomhaíochtaí an Fhóraim Ardleibhéil um Chaighdeánú agus le gníomhaíochtaí mhol barr feabhais an Aontais, lenar cheart cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun gur féidir riachtanais chaighdeánaithe a shainaithint go tráthúil agus ar cheart dóibh cabhrú chun cothromaíocht chóir a bhaint amach idir na riachtanais chun an próiseas a ghiorrú agus caighdeáin oscailte, chuimsitheacha, iontaofa agus ardcháilíochta a áirithiú; á mholadh go neartófaí an saineolas teicniúil agus na scileanna san Fhóram Ardleibhéil, lena n-áirítear trí fhoghrúpaí saineolaithe atá in ann cláir a ullmhú chun gníomhaíochtaí oiliúna a phríomhshruthú agus an córas caighdeánaithe a fheabhsú tuilleadh ar leibhéal an Aontais;

14. á mholadh gur cheart don Choimisiún, i gcomhairle leis na ESOnna, tacar soiléir príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) agus treoirlínte a bhunú maidir leis na gnéithe den chaighdeánú laistigh dá shainchúram, go háirithe maidir le caighdeáin a bhaineann le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Deacáide Digití don Eoraip, chun spriocanna beachta a leagan síos d'fhorbairtí a bhaineann le caighdeánú, lena n-áirítear rannpháirtíocht na sochaí sibhialta; á mheas gur cheart na KPInna sin a bhainistiú tríd an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus trí mhol barr feabhais AE agus go bhféadfaidís rannchuidiú le bainistiú agus grinnscrúdú níos éifeachtaí ar ghníomhaíochtaí caighdeánaithe arna ndéanamh ag an gCoimisiún;

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil baol ann go mbeidh forluí ann idir an Fóram Ardleibhéil agus mol barr feabhais AE, in éineacht le grúpaí saineolaithe eile, fóraim tionscail agus grúpálacha beartas-sonracha, amhail an t-ionad AccessibleEU, a mheasann an Pharlaimint a d'fhéadfadh cabhrú leis an gCoimisiún maidir le cúrsaí caighdeánaithe; á mholadh don Choimisiún dúbláil sruthanna oibre a sheachaint agus comhoibriú a lorg idir fóraim i gcás inar féidir chun an úsáid is fearr a bhaint as am teoranta saineolaithe, rannpháirtíocht a spreagadh agus costais riaracháin a íoslaghdú;

16. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an bParlaimint agus ag an gComhairle a bheith rannpháirteach in imeacht bliantúil chun tosaíochtaí a ullmhú do ghníomhaíochtaí um chaighdeánú; á mheabhrú go bhfuil caighdeánú straitéiseach don mhargadh inmheánach agus á mheas gur inmhianaithe grinnscrúdú níos doimhne agus níos rialta a bheith á dhéanamh ag na comhreachtóirí;

17. á chur in iúl gur geal léi gur mian leis an gCoimisiún dlús a chur leis na céimeanna a bhaineann le caighdeáin a fhorbairt; á mheas gur gá caighdeáin láidre ardcháilíochta a ullmhú go tráthúil chun riachtanais an mhargaidh agus na sochaí a chomhlíonadh ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus luas a choinneáil leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas idirnáisiúnta; á chur i bhfáth gur tharla moilleanna in earnálacha éagsúla, as a n-eascraíonn deacrachtaí d'oibreoirí, d'údaráis náisiúnta agus don tsochaí shibhialta nach bhfuil caighdeáin ar fáil iontu, nó le hilroinnt nach féidir ach caighdeáin náisiúnta a úsáid ina leith; á chur i bhfios go láidir, chuige sin, gur cheart go mbeadh forlámhas ar luas ag comhairliúchán poiblí le geallsealbhóirí, ag forbairt comhdhearcaidh, ag an gcuimsitheacht agus ag fíorú cuí i dtaobh an gcomhlíonann caighdeáin ceanglais dhlíthiúla AE, go háirithe i gcás caighdeáin chomhchuibhithe;

18. á chreidiúint go bhfuil cúiseanna éagsúla le moilleanna fada sna próisis um chaighdeánú; á mheas gur cheart don Choimisiún athmhachnamh a dhéanamh go práinneach ar a chur chuige i ndiaidh chás *James Elliott* ([3]); á iarraidh ar an gCoimisiún gan ceanglais ró-shaintreoracha a úsáid i ndáil le hiarrataí ar chaighdeánú, rud a laghdaíonn cumas na saineolaithe réitigh iomchuí agus tráthúla a mholadh chun freastal ar an éileamh ar iarraidh chaighdeánach agus an raon feidhme do chaighdeáin a sheasfaidh an aimsir a chúngú;

19. á mheas gur cheart go ndíreodh reachtaíocht AE maidir le táirgí ar cheanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta, agus cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de á chur i bhfeidhm nuair is féidir, agus na ceanglais theicniúla a fhágáil faoi chaighdeáin chomhchuibhithe AE;

20. á chur i bhfáth go bhféadfadh teorainneacha bunúsacha a bheith ann chun dlús a chur leis an bpróiseas um chaighdeánú, ós rud é go dtógfaidh sé am caighdeáin a ullmhú, caighdeáin chomhchuibhithe a fhoilsiú agus iad a chur chun feidhme ag lucht tionscail sula nglacfar ar an margadh iad; ag aithint go bhféadfadh sé a bheith níos éasca dlús a chur le cúraimí riaracháin, amhail foilsiú na tagartha (lua) don chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; ag tabhairt chun suntais go mbeadh éifeachtaí dearfacha ar uainiú ag glacadh níos leithne na gcaighdeán atá ann cheana seachas ag dréachtú caighdeán nua agus go bhféadfaí tuiscint agus cur chun feidhme níos éasca a bheith ann dá bharr; á chur i bhfios go gcruthaítear dúshláin do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, de dheasca ullmhú nó imscaradh caighdeán atá tite go míchuí, toisc go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith ag gach spriocdháta giorraithe ar chomhthoil leathan agus láidir a bhaint amach i measc na bpáirtithe leasmhara uile;

([3]) Breithiúnas na Cúirte an 27 Deireadh Fómhair 2016, *James Elliott Construction Limited* v *Irish Asphalt Limited*, C-613/14, ECLI:EU:C:2016:821.

21. á mholadh don Choimisiún, agus feabhsuithe á ndéanamh aige ar a phróisis inmheánacha féin, leanúint de bheith ag obair leis na ESOnna ar bhealaí chun seachadadh tráthúil a bhaint amach, lena n-áirítear luathmhalartú faisnéise maidir le hábhar agus indéantacht na n-iarrataí ar chaighdeánú atá á bpleanáil ag an gCoimisiún agus an breithniú ar an táirge caighdeánúcháin is oiriúnaí ag brath ar an ngá atá ann;

22. á chur in iúl gur geal léi an plean gníomhaíochta a d'fhorbair an tascfhórsa idir an Coimisiún, Comhlachas Saorthrádála na hEorpa agus na ESOnna dar teideal 'A Successful European Standardisation — Timely European Standards for a Green and Digital, Single and Global Market' [Córas Eorpach Rathúil um Chaighdeánú — Caighdeáin Thráthúla Eorpacha do Mhargadh Glas agus Digiteach, Aonair agus Domhanda], a bhfuil sé de chumas aige éifeachtúlacht an phróisis caighdeánaithe a mhéadú toisc go gcuidíonn sé le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna tuisceana agus indéantachta ag céim luath;

23. á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh critéir chobhsaí shoiléire ann chun caighdeáin chomhchuibhithe a mheasúnú, ar critéir iad a thuigfidh na geallsealbhóirí go léir go coitianta, chomh maith leis na hacmhainní is gá a sholáthar chun a áirithiú go ndéanfar measúnú tráthúil orthu; á chur i bhfáth, go háirithe, nach mór don Choimisiún pleanáil chuí airgeadais a áirithiú do chomhairleoirí caighdeán comhchuibhithe agus á mholadh go méadófaí an comhordú idir na comhairleoirí sin agus mol barr feabhais AE maidir le caighdeánú;

24. ag tabhairt dá haire, agus tosaíochtaí á leagan síos maidir le caighdeánú agus iarrataí nua ar chaighdeánú á n-eisiúint, gur cheart túsphointe an Choimisiúin a bheith ina fhorléargas ar na caighdeáin ábhartha atá ann cheana; á chur i bhfáth gur cheart caighdeáin nua a fhorbairt i gcás ina sainaithnítear bearnaí soiléire; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a chur ar fáil do ghlacadh agus d'úsáid caighdeán, go háirithe i measc FBManna;

Sláine, cuimsitheacht agus inrochtaineacht an chórais Eorpaigh um chaighdeánú a chaomhnú

25. á mheas go bhféadfaí réimsí a shainaithint i meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ina bhfuil gá le hiarrachtaí breise le rogha na n-athchóirithe, thar an leasú spriocdhírithe a thug an Coimisiún isteach cheana féin; á mheas gur cheart ról, rannpháirtíocht agus ionchur na ngeallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht orthu, FBManna, comhpháirtithe sóisialta agus leasanna comhshaoil, sóisialta agus tomhaltóirí, a mheas agus a neartú i gcás ina bhféadfadh na hathchóirithe sin a bheith tairbhiúil agus comhlántach leis an obair atá beartaithe ag na EECanna tar éis don Choimisiún a iarraidh orthu tograí a thíolacadh chun a rialachas inmheánach féin a athchóiriú; á thabhairt dá haire gur cheart, le hathchóiriú, feabhas a chur ar chuimsitheacht agus ar rannpháirtíocht éifeachtach geallsealbhóirí sochaíocha lasmuigh den chreat caighdeánaithe atá ann faoi láthair, agus torthaí iarbhír an phróisis fothaithe comhdhearcaidh á gcur san áireamh dá bhrí sin;

26. á mheabhrú go bhfuil athrú tagtha le blianta beaga anuas ar chleachtais EECanna maidir lena nósanna imeachta rialachais inmheánaigh agus cinnteoireachta, agus gur mhéadaigh siad a gcomhar le geallsealbhóirí idirnáisiúnta agus Eorpacha;

27. ag spreagadh an Choimisiúin chun feabhas a chur ar cheanglais trédhearcachta i réimse an chaighdeánaithe agus ag dréim leis go ndéanfar an rialachán leasaitheach maidir le cinntí na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú maidir le caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a chur chun feidhme go tapa; á mheas go bhféadfadh an rialachán leasaitheach cabhrú le cinnteoireacht a threisiú gan difear a dhéanamh don ról tábhachtach atá ag bonn níos leithne na ngeallsealbhóirí maidir le caighdeáin éifeachtacha a ullmhú a fhreagraíonn don leas poiblí agus do riachtanais an mhargaidh;

28. ag tabhairt chun suntais gur dúshlán mór fós é rannpháirtíocht éifeachtach FBManna Eorpacha agus geallsealbhóirí sochaíocha eile sa chaighdeánú idirnáisiúnta, mar gheall ar acmhainní teoranta amhail cistiú; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún comhoibriú leis na Ballstáit chun tacaíocht airgeadais a mhéadú agus chun a áirithiú go mbeidh cláir chistiúcháin ar fáil lenar féidir tacaíocht airgeadais shubstaintiúil, fhadtéarmach agus chobhsaí a chur ar fáil do rannpháirtíocht geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear FBManna agus eagraíochtaí tomhaltóirí; á iarraidh go mbainfí úsáid níos fearr as na huirlisí agus an treoir atá ann cheana lena gcuirtear riachtanais agus leasanna FBManna agus geallsealbhóirí eile san áireamh; á chreidiúint, d'fhonn rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a mhéadú agus raon feidhme Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a leathnú, gur cheart don Choimisiún cleachtadh a dhéanamh chun eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil leas acu rannchuidiú le hobair chaighdeánaithe ar an leibhéal Eorpach a mhapáil;

29. á chreidiúint gur cheart rannpháirtíocht FBManna ar an leibhéal náisiúnta a chur chun cinn, mar go bhfuil sé ar an leibhéal sin gur féidir leo a bheith is éifeachtaí de bhua costais níos ísle agus easpa bacainní teanga; á thabhairt dá haire gur cheart don chreat um chaighdeánú FBManna a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh, go háirithe trí rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí caighdeánaithe nó, i gcás inarb indéanta, trí rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm, agus gur cheart dó réitigh theicneolaíocha nuálacha a sholáthar i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe; ag tabhairt chun suntais gur cheart do chomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú rochtain FBManna ar chaighdeáin a éascú trí thionscadail um chaighdeánú a bhfuil leas ar leith ag FBManna iontu a shainaithint ina gcláir oibre bhliantúla;

30. á chur in iúl gur geal léi an fócas ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí níos leithne ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear FBManna agus eagraíochtaí tomhaltóirí, i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe; á mheas go bhféadfadh malartú dea-chleachtas cabhrú leis na Ballstáit agus le comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú feabhas a chur ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí éagsúla, go háirithe FBManna agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ach ag tabhairt rabhaidh gur cheart go gcuirfeadh sé sin leis an obair atá déanta cheana ag EECanna nó i líonraí atá bunaithe cheana féin ag na heagraíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 agus nár cheart dúbailt a dhéanamh ar an obair sin; ag tabhairt dá haire nach bhfuil contrapháirtithe náisiúnta i ngach Ballstáit ag gach eagraíocht a liostaítear in Iarscríbhinn III; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún cistiú nó tacaíocht theicniúil a mhéadú do na heagraíochtaí sin chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú náisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear ní hamháin obair theicniúil ar chaighdeáin, ach freisin seasaimh a ullmhú *vis-à-vis* iarrataí ar chaighdeánú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus ar an gcaoi sin cuimsitheacht an phróisis ina iomláine a threisiú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit tacaíocht bhreise airgeadais ar fáil ar an leibhéal náisiúnta do rannpháirtíocht FBManna agus comhlachas FBManna;

31. ag tabhairt dá haire, i roinnt Ballstát, go bhfuil sásraí dlúthpháirtíochta bunaithe cheana féin ag comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú ina rannchuidíonn geallsealbhóirí tionsclaíocha le táille rannpháirtíochta geallsealbhóirí sochaíocha ar bhonn critéar áirithe amhail méid agus láimhdeachas na cuideachta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na EECanna meastóireacht a dhéanamh ar na sásraí sin;

32. ag aithint go bhfuil gá le cur chuige comhsheasmhach i leith sonraíochtaí chomhcoiteanna, go háirithe ós rud é go bhfuil forálacha éagsúla ag teacht as próisis reachtacha éagsúla; á chur in iúl gurb oth léi nár comhaontaíodh an nós imeachta maidir le sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh ar leibhéal cothrománach agus á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige comhchuibhithe i leith sonraíochtaí comhchoiteanna ar fud gníomhartha reachtacha éagsúla de chuid an Aontais; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an nasc idir sonraíochtaí coiteanna agus caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana chun comhlíonadh a éascú, go háirithe do chuideachtaí beaga agus meánmhéide: á mheas, dá bhrí sin, nár cheart an sásra sin a úsáid ach amháin i gcásanna eisceachtúla inar iarr an Coimisiún ar ESOnna amháin nó níos mó caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú agus i gcás nach ndéantar an iarraidh sin a sheachadadh laistigh den sprioc-am a leagadh síos nó i gcás nár glacadh leis an iarraidh, agus sa chás sin amháin nach bhfuiltear ag súil go bhfoilseofar na caighdeáin laistigh de thréimhse ama réasúnach; ag áitiú gur cheart sonraíochtaí coiteanna a aisghairm nuair a fhoilsítear caighdeáin chomhchuibhithe *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; á chur in iúl gur cúis bhuartha di sonraíochtaí comhchoiteanna a bhaineann, i measc nithe eile, le hurraim do chearta bunúsacha, i gcás ina ndéanann dul ar iontaoibh gníomhartha cur chun feidhme difear do chumhachtaí grinnscrúdaithe na gcomhreachtóirí; á chur i bhfáth nach gcaithfidh caighdeáin ná sonraíochtaí coiteanna aghaidh a thabhairt ar chearta bunúsacha ná ar shaincheisteanna socheacnamaíocha;

33. á chreidiúint gur cheart go ndéanfaí measúnú i meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ar an bhféidearthacht forálacha cothrománacha maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna a ionchorprú ionas go mbeidh tograí atá le teacht in ann tagairt a dhéanamh go comhleanúnach dó;

34. á mheas go bhféadfadh torthaí rialála éagsúla difear a dhéanamh ar bhonn níos ginearálta don phróiseas um chaighdeánú, mar gheall ar théarmaíocht éagsúil, easpa clásail chaighdeánacha d'iarrataí ar chaighdeánú agus deacrachtaí maidir le maoirseacht *ex ante*; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an fhadhb sin níos suntasaí fós i gcás ina bhfuil caighdeáin ábhartha do níos mó ná gníomh rialála amháin; á chreidiúint go bhféadfaí cur chuige coiteann nó comhaontú foirmiúil idir an Coimisiún agus na comhreachtóirí a fhiosrú chun ullmhúchán caighdeán agus coinníollacha mionsonraithe le haghaidh sonraíochtaí comhchoiteanna a chuíchóiriú;

35. á chur in iúl gur geal léi gur seoladh próiseas athbhreithnithe piaraí i measc na mBallstát agus na gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun dea-chleachtais a mhalartú agus smaointe nua a mholadh maidir le rannpháirtíocht níos éifeachtaí na sochaí sibhialta agus na dtomhaltóirí, chomh maith le coinníollacha a bhunú atá fabhrach do FBManna don chaighdeánú;

36. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh suíomh gréasáin Eorpach atá tiomnaithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chaighdeáin idirlín; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar chlár rochtana oscailte a chruthú de na caighdeáin uile a d'fhorbair an tAontas chun trédhearcacht níos fearr a cheadú agus chun saoránaigh a spreagadh chun spéis a léiriú i bhforbairt caighdeán Eorpach;

Caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú

37. á chreidiúint go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar chomhordú agus rannpháirtíocht Eorpach ar an leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le caighdeánú, le comhpháirtithe domhanda atá ar aon intinn leo, agus urraim á tabhairt do cheart na dtoscaireachtaí náisiúnta teacht ar a gcinntí féin i bhfóraim idirnáisiúnta; á mheas, mar sin féin, i gcás ina bhfuil tuairimí comhchosúla ann, agus a roinntear le comhpháirtithe tríú tír atá ar aon intinn leo freisin, go bhféadfaidh ceannaireacht bheartais na hEorpa maidir le caighdeán a fhorbairt gníomhú mar iolraitheoir do cheannaireacht thionsclaíoch Eorpach;

38. á chur in iúl gur geal léi an ról luachmhar atá beartaithe do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú sa straitéis; á mheas go bhféadfadh glacadh caighdeán idirnáisiúnta ag EECanna cabhrú le cuideachtaí Eorpacha nuair a fhéachann siad le trádáil lasmuigh den Aontas; á mheabhrú nach nglacann gach tír caighdeáin idirnáisiúnta go huathoibríoch mar mhalairt ar chaighdeáin intíre agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tríú tíortha a spreagadh chun an cur chuige sin a ghlacadh;

39. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé tábhachtach tosaíocht a thabhairt do chúrsaí caighdeánaithe i gcomhar le tríú tíortha i suíomhanna déthaobhacha, ilthaobhacha agus ilpháirtithe chun a áirithiú gur féidir tús áite a thabhairt do chineálacha cur chuige cuimsitheacha atá ar aon intinn maidir le caighdeánú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus comhar a chothú idir comhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn leo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na EECanna oibriú i gcomhar le contrapháirtithe idirnáisiúnta agus le comhpháirtithe trádála atá ar aon intinn leo chun níos mó cuimsitheachta sa chóras idirnáisiúnta um chaighdeánú agus ionadaíocht níos láidre ar na geallsealbhóirí uile a áirithiú, agus feabhas a chur ar fhor-rochtain fhoriomlán AE sa chóras domhanda um chaighdeánaú; ag moladh, i ndáil leis sin, don Choimisiún agus do CSO príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar ghealltanais agus ar fhorbairtí maidir le caighdeánú idir an tAontas agus tríú tíortha i gcomhairle leis na EECanna, as a dtiocfadh méadú ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach agus ar chosaint tomhaltóirí araon chun tairbhe an gheilleagair ina iomláine;

40. ag tabhairt dá haire go bhfuil ábharthacht shonrach ag cuibhreannais idirnáisiúnta in earnálacha áirithe, lena n-áirítear maidir leis an dá aistriú; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh ról dearfach a bheith ag caighdeáin a fhorbraítear i gcuibhreannais a ionchorprú sa scéim Eorpach um chaighdeánú cuspóirí beartais a bhaint amach, mar shampla USB-C a ghlacadh mar ardán muirearaithe coiteann; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na EECanna tógáil ar an méid sin agus ar shamplaí eile de dhea-chleachtas agus machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun glacadh caighdeán faoi stiúir cuibhreannais a éascú i gcás ina rannchuidíonn siad le spriocanna an Aontais a bhaint amach;

41. ag moladh go mbeadh dlúthchomhar Eorpach agus AE-ECAT maidir le comhchuibhiú caighdeán i réimse na cosanta chun idir-inoibritheacht a fheabhsú;

Nuálaíochtaí ceannródaíocha lena gcothaítear socrú tráthúil caighdeán

42. á chur i bhfáth go bhfuil luach ag baint le tráchtálú do ghníomhaíochtaí taighde, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a seoladh faoi chláir chistiúcháin taighde an Aontais, ar cheart a n-oiriúnacht do chaighdeánú tionscadal a mheas ag céim luath; á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh 'treiseoir caighdeánaithe', mar bhinse tástála d'oiriúnacht caighdeán'; á mheabhrú go bhféadfadh cineál comhoibríoch taighde arna chistiú ag an Aontas, lena n-áirítear le taighdeoirí ó thríú tíortha, a bheith tairbheach d'fhorbairt caighdeán agus tacú ní hamháin le caighdeáin a chruthú ach leis an gcéad ghlúin eile de shaineolaithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí caighdeánaithe freisin; á chreidiúint gur cheart go mbeadh sé d'aidhm leis na hiarrachtaí sin cabhrú le taighdeoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt noirm Eorpacha laistigh de na EECanna;

43. á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil gá le nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat reachtach nua nuashonrú, gur cheart don Choimisiún a chur chuige, úsáid agus comhtháthú caighdeán idirnáisiúnta agus comhordú i measc na ngníomhaithe uile a chur chun cinn trí chomhaontuithe saorthrádála, go háirithe maidir leis an Tairseach Dhomhanda;

44. ag tacú leis an mbéim a chuirtear ar ghníomhaíochtaí caighdeán i gcláir imlonnaithe amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an clár don Eoraip Dhigiteach, mar phríomhbhealaí chun glacadh teicneolaíochtaí agus cuir chuige nua agus nuálacha a éascú;

45. ag aithint gur forbraíodh an Cód Cleachtais Eorpach do thaighdeoirí maidir le caighdeánú chun cur chuige uileghabhálach a chur chun cinn i leith gníomhaíochtaí caighdeánaithe i gcomhréir le cuspóirí beartais agus leasanna straitéiseacha an Aontais;

46. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh caighdeáin oscailte a bheith ina gcuidiú chun réitigh nuálacha agus beartais rialtais oscailte a fhorbairt bunaithe ar thrédhearcacht, ar chuntasacht agus ar iontaofacht;

Saineolas um chaighdeánú amach anseo a áirithiú

47. ag tacú le forbairt clár múscailte feasachta agus oiliúna, lena n-áirítear cláir foghlama ar feadh an tsaoil agus gairmoideachas agus gairmoiliúint lena ndírítear ar bhealaí a fhorbairt i dtreo gníomhaíochtaí caighdeánaithe d'acadóirí, do ghairmithe tionscail amach anseo, do lucht ceaptha beartas agus d'ionadaithe na sochaí sibhialta; á iarraidh go ndéanfar cláir oiliúna agus mheantóireachta a sheoladh chun feasacht ar chaighdeáin agus ar thairbhí an chaighdeánaithe a chur chun cinn, go háirithe atá dírithe ar FBManna agus ar gheallsealbhóirí eile atá faoi ghannionadaíocht sa chaighdeánú; á chreidiúint nach mór na cláir múscailte feasachta agus oiliúna sin a fhorbairt i gcomhar leis an tionscal chun a áirithiú go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm agus go léireofar leo an cur chuige margadh-thiomáinte maidir le caighdeánú;

48. ag tacú le cistiú eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú chun réamhghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí coimhdeacha a dhéanamh i ndáil le caighdeánú Eorpach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, gníomhaíochtaí taighde agus measúnaithe comhréireachta agus bearta atá dírithe ar a áirithiú go laghdófar na hamanna próiseála agus athbhreithnithe do chaighdeáin Eorpacha nó do tháirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach, gan dochar do na prionsabail bhunaidh, go háirithe prionsabail na hoscailteachta, na cáilíochta, na trédhearcachta agus na comhthola i measc na ngeallsealbhóirí uile;

49. á thabhairt dá haire go n-éilíonn caighdeáin dréachtaithe agus cur chun feidhme ardleibhéal saineolais theicniúil agus go bhféadfadh easpa saineolaithe cáilithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach dul in olcas mar gheall ar dhúshláin dhigiteacha nua a mbeidh níos mó scileanna agus inniúlachtaí teicniúla ag teastáil ina leith, agus go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun eolas agus feasacht a mhéadú i measc geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha; á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún chun Laethanta Ollscoile um Chaighdeánú a eagrú chun feasacht a chur chun cinn i measc lucht acadúil agus mac léinn agus chun caighdeánú a áireamh tuilleadh i measc thionscadail phobal acadúil AE; á thábhairt dá haire gur cheart don Fhóram Ardleibhéil forbairt modúl teagaisc acadúil a chur chun cinn sa chaighdeánú chun inniúlachtaí a fheabhsú agus á mholadh do na Ballstáit cúrsaí oideachais gairmiúla ábhartha maidir le caighdeáin a áireamh ina gcórais náisiúnta oideachais;

50. á iarraidh an athuair go mbeadh comhar níos fearr ann i measc institiúidí AE, an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, na rialtas náisiúnta, na sochaí sibhialta agus EECanna chun treoirlínte oiliúna a fhorbairt do lucht déanta beartas agus chun cultúr caighdeánaithe a chruthú, lena n-áirítear tuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn próisis caighdeán agus cathain is féidir iad a úsáid; á mheas go bhfuil sé sin de réir mar is gá le hathchóirithe inmheánacha eile chun ardán láidir a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí caighdeánaithe amach anseo, do ghrinnscrúdú agus d'fhorbairt tosaíochtaí caighdeánaithe;

o

o o

51. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.